Tá Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh anois ag lorg

Bainisteoir Tionscnaimh do Phlean Gníomhaíochta II

chun seirbhís tacaíochta agus comhórdnaithe a chur ar fáil don Tascfhórsa agus chun cuidiú le bainistiú agus feidhmiú a chláir oibre

An Cúlra: Is grúpa tras-earnála é Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh a bunaíodh i 2017 chun dul i ngleic le drochchaillteanas daonra i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh. Tá eagrais pobail, gnó, oideachais agus stáit ag feidhmiú ar an dTascfhórsa atá faoi chathaoirleacht Údarás na Gaeltachta.

An tÉileamh: Tá iarratais á lorg anois ó dhaoine fonnmhara, féinspreagtha, le cáilíochtaí oiriúnacha chun bainistíocht a dhéanamh ar chur i gcrích an dara Phlean Gníomhaíochta de chuid an Tascfhórsa.

Fáilteofar roimh iarratais i leith na hoibre seo ar bhonn fostaíochta ar théarma seasta nó ar bhonn chomhairleoireachta. Beidh an té a cheapfar ag obair i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh.

An Ról: Beidh an Bainisteoir Tionscnaimh ag obair go díreach do agus thar ceann Grúpa Stiúrtha an Tascfhórsa. Beidh an té a cheapfar freagrach as comhordú agus soláthar tacaíochta don Tascfhórsa i gcomhlíonadh a róil, agus i gcásanna áirithe, beidh tacaíocht de dhíth ar na páirtnéirí mar an gcéanna.

Beidh an Bainisteoir Tionscnaimh freagrach do Chathaoirleach an Tascfhórsa/Ceannasaí Oifig Réigiúnach & Forbartha Pobail an Deiscirt de chuid Údarás na Gaeltachta.

Na Dualgais: Beidh na dualgais seo a leanas i gceist, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Plé a dhéanamh le comhpháirtithe an Tascfhórsa go rialta maidir le dul chun cinn an Phlean Gníomhaíochta agus áisitheoireacht a dhéanamh orthu.
- Tuarascáil a ullmhú go rialta do pháirtithe leasmhara, sonraí leanúnacha ar thascairí feidhmíochta san áireamh.
- Buiséadú agus tuairisciú airgeadais.
- Eolas faoi obair an Tascfhórsa a roinnt go poiblí ar na meáin shóisialta agus na meáin traidisiúnta ó am go h-am.
- Plé le teaghlaigh ag léiriú spéise in athlonnú, eolas a roinnt leo, gníomhú mar *concierge* áitiúil.
- Plé le húinéirí tí áitiúla, cabhrú chun teaghlaigh a mheaitseáil leis na tithe cearta
- Cuidiú le tionscadal tithíochta inacmhainne faoi stiúir an phobail a chur i bhfeidhm in Uíbh Ráthach.

Na Riachtanais:

- Cáilíocht ábhartha agus 3 bliana ar a laghad de thaithí ábhartha
- Eolas agus cumas oiriúnach sa Ghaeilge, scríofa agus labhartha
- Taithí ar chomhoibriú agus gréasánú le hearnáil an phobail agus le heagrais stáit.
- Eolas ar na straitéisí agus polasaithe ábharacha ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus stáit.
- Eolas ar chistí maoinithe agus taithí ar mhaoiniú a fháil ó fhoinsí éagsúla.
- Scileanna ábhartha ríomhaireachta ar leibhéal ard; cur amach ar na meáin shóisialta agus cumas iontu
- Ceadúnas iomlán tiomána glan agus úsáid ghluaisteáin.

An Conradh: Seo a leanas sonraí tábhachtach a bhainfidh leis an bhfostaíocht seo

Tréimhse an chonradh	Bliain amháin
Gnáthrialacha promhaidh i gceist?	Tá
Uaireanta oibre sa tseachtain	21
Íocaíocht*	€28,765
ASPC á dhíol ag an bhFhostóir?	Tá
Eagrais conartha	Forbairt na Dromaid
Módh iarratais	CV & litir iarratais

** bunaithe ar Ard scála Oifigeach Riaracháin €53,239, pro rata.*

Tá cóip de Ghníomhphlean an Tascfhórsa ar fáil ar shuíomh idirlín an Tascfhórsa – www.saolnua.ie (nuacht agus ócáidí).

Conas iarratas a dhéanamh:

Seol iarratas mar aon le CV trí Ghaeilge **roimh 4.00 i.n. ar an Aoine 4ú Aibreáin, 2025** chuig tascfhorsa@udaras.ie.